



An
Bord
Pleanála

Feidhmeanna an Bhoird

Márta 2017

Clár ábhair

Go ginearálta	3
Achomhairc Phleanála faoin Achtanna Pleanála	4
Achomhairc eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	5
Tarchuir faoi na hAchtanna Pleanála	6
Cásanna eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	8
Forbairt Bonneagair Straitéisigh	9
Catagóir 1: An Seachtú Sceideal FBS	9
Catagóir 2: Forbairtí áirithe Stáit a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta / measúnacht chúí	10
Catagóir 3: Forbairt Bonneagair Straitéisigh le haghaidh Tarchur Leictreachais	11
Catagóir 4: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Gáis	12
Catagóir 5: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Údaráis Áitiúil faoi na hAchtanna Pleanála .	12
Forbairt ar Bhonneagar Straitéiseach faoi na hAchtanna Bóithre 1993 go 2015	14
Feidhmeanna Gaolmhara an Bhoird faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004	15
Forbairt Bonneagair Straitéisigh faoin Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001.....	16
Athruithe ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh formheasta arna chur isteach ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.....	16
Cásanna ag éirí as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010	17
Déantar iarratais ar thoilíú ionadach díreach chuig an mBord Pleanála faoi alt 177E den Acht.....	18
Cásanna d'Fháil Éigeantach Talún (alt 214 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000).....	22
Cásanna d'fháil éigeantach talún faoi achtacháin éagsúla le haghaidh forbairtí a aicmítear mar fhorbairt bonneagair straitéisigh.	24
Achomhairc faoi Achtanna eile	25
Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015.....	25
Achtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007	25
Na hAchtanna um Thruailliú Uisce, 1977 agus 1990	26
An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	26

Go ginearálta

Cuireadh an Bord Pleanála ar bun i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, agus tá sé freagrach as cinntí a dhéanamh ar achomhairc agus gnóthaí áirithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus faoi reachtaíocht ghaolmhar agus as cinntí a dhéanamh ar iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnróid. Tá sé freagrach chomh maith as déileáil le tograí maidir le talamh a fháil go héigeantach ag údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile faoi achtacháin éagsúla. Lena chois sin, tá feidhmeanna ag an mBord chun achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna Truailithe Uisce agus Aeir agus faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Is é An Bord Pleanála an t-Údarás Inniúil i gcás Tionscadal Leasa Choitinn faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach uimhir 347/2013 a dhéileálann le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach.

Leagtar amach thíos catagóirí na gcásanna inar féidir a éileamh go ndéanfadh an Bord breithniú agus cinneadh maidir leo.

Achomhairc Phleanála faoin Achtanna Pleanála

Cion suntasach d'obair an Bhoird is ea na hachomhairc a dhéantar faoin **alt 37** d'Acht Pleanála 2000, arna leasú, dá ngairtear go hiondúil gnáthachomhairc phleanála, agus is leo a bhaineann bunáite na gcinntí a dhéanann sé. Is iad na cinntí a dhéanann na húdaráis phleanála ar iarratais ar chead talamh a fhorbairt (lena n-áirítear iarratais ar chead struchtúir a choinneáil nó leanúint dá n-úsáid) is bonn leis na hachomhairc seo. Roinntear na hachomhairc ina gceithre chatagóir, eadhon:

- Achomhairc chéad pháirtí in aghaidh cinntí de chuid na n-údarás phleanála inar dhiúltaigh siad cead.
- Achomhairc chéad pháirtí in aghaidh coinníollacha a theastaíonn ó na húdaráis phleanála a chur le ceadanna.
- Achomhairc chéad pháirtí in aghaidh coinníoll lena gceanglaítear ranníoc airgid
- Achomhairc tríú páirtí, de ghnáth in aghaidh cinntí de chuid na n-údarás phleanála inar dheonaigh siad cead.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh achomhairc chéad pháirtí agus tríú páirtí araon in aghaidh cinnidh údaráis phleanála.

I dteannta na bpáirtithe san achomharc, féadfaidh daoine eile aighneachtaí nó tuairimí a chur chuig an mBord maidir le hachomharc. “Breathnóirí” a thugtar ar na daoine sin.

Achomhairc eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Alt 44(6)	Achomharc in aghaidh cúlghairme nó athraithe ceadúnais phleanála.
Alt 45(3)	Achomharc i gcoinne talamh a fháil mar spás oscailte.
Alt 46(6)	Achomharc i gcoinne déanamhas a dhíchur nó a athrú nó scor dá úsáid.
Alt 88(5)	Achomharc i gcoinne fógra a éilíonn go ndéanfaí bearta a bhaineann le struchtúr nó le talamh éigin i limistéar Rialaithe Pleanála Speisialta.
Alt 169(6)	Achomharc i gcoinne scéim pleanála a dhéanamh i gcrios forbartha straitéisí (SDZ).
Alt 170A	Iarratas le haghaidh leasú a dhéanamh ar scéim pleanála i gcrios forbartha straitéisí.
Alt 171(2)	Achomharc i gcás go gcúlghairtear scéim pleanála i gcrios forbartha straitéisí. (SDZ).
Alt 182(4)	Achomharc ó húdarás áitiúil nuair a dhiúltaíonn úinéir / áititheoir cead a thabhairt cáblaí, sreangaí nó píblínte a chur ar a réadmhaoin.
Alt 207(5)	Achomharc i gcoinne cearta slí poiblí thar an talamh a dhéanamh.
Alt 254(6)	Achomharc a dhéanamh i ndáil le ceadúnas le haghaidh fearais, gléasra, struchtúir, cábla nó rudaí eile ar bhóthar poiblí.
Alt 261(9)	Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh ón údarás pleanála coinníollacha a fhorchur, a athlua nó a mhodhnú, nó cur leo i gcás cairéil.

Tarchuir faoi na hAchtanna Pleanála

Tarchuir faoi na hAchtanna Pleanála, arna leasú, – déileálann tarchuir le nithe áirithe pleanála is féidir a tharchur chuig an mBord dá mbreithniú foirmiúil, de ghnáth tar éis d'údarás pleanála an cheist a bhreithniú ar dtús.

Tarchuir faoi na hAchtanna Pleanála	
Alt 5 (3)(a)	Féadfaidh aon duine ar eisíodh dearbhú chuige nó chuici ráiteas de chuid údaráis phleanála a tharchur lena thuiscint an forbairt nó forbairt dhíolmhaithe atá i gceist nó nach ea.
Alt 5(3)(b)	Tarchur a dhéanamh sa chás nach n-eisíonn údarás pleanála aon ráiteas laistigh de 4 seachtaine ón dáta dlite ag cur in iúl an forbairt nó forbairt dhíolmhaithe atá i gceist nó nach ea.
Alt 5(4)	Féadfaidh údarás pleanála aon cheist a tharchur lena thuiscint an forbairt nó an forbairt dhíolmhaithe atá i gceist nó nach ea.
Alt 5(8)	Tarchur ón Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le gníomhaíochtaí ar gá toiliú an Aire a fháil, an forbairt nó forbairt dhíolmhaithe atá i gceist nó nach ea.
Alt 34(5)	Tarchur mionphointí a bhaineann le cead a thabhairt, in éagmais comhaontaithe idir an t-údarás pleanála agus an forbróir.
Alt 37(5)	Díospóid a tharchur lena thuiscint an mbaineann an t-iarratas ar chead le forbairt / saghas forbartha atá á achomharc cheana.
Alt 37(N)	Tarchur a dhéanamh mar gheall ar phoncanna sonraí i ndáil le cead pleanála eisithe faoi alt 37L.

Tarchuir faoi na hAchtanna Pleanála

Alt 57(8)	Tarchur a dhéanann duine dár eisigh údarás pleanála ráiteas faoi fho-alt 57(3) nó ráiteas a athbhreithníodh faoi 57(7), a bhaineann le struchtúr faoi chosaint nó é a mholtar a chur faoi chosaint, d'fhonn go ndéanfadh an Bord athbhreithniú air.
Alt 96(5)	Díospóid a tharchur a bhaineann le tithíocht shóisialach nó inacmhainne a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag comhaontú idir an tÚdarás Pleanála agus iarrthóir / nó duine eile a bhfuil leas aige / aici i dtailte lena mbaineann an t-iarratas.
Alt 193(2)	Díospóid a tharchur nó ceiste maidir le cibé an dtagann struchtúr nua go substaintiúil in ionad struchtúir a scartáladh nó a scriosadh.

Cásanna eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Cásanna eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.	
Alt 37(6)	Iarratas sealbhóra thadhlaigh ar chead achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh údaráis phleanála ar iarratas pleanála.
Alt 146A	Cumhacht an Bhoird chun aon chinneadh dá ndéanann sé a leasú chun críocha, <i>inter alia</i> , aon earráid chléireachais nó theicniúil ann a cheartú.
Alt 172(3)	Iarratas iarrthóra / ábhair iarrthóra ar chead pleanála ar a bheith saor ón riachtanas atá ann ráiteas faoin tionchar ar an gcomhshaol (RTC) a ullmhú maidir le hiarratas pleanála.
Alt 173(3)	Iarratas ó dhuine RTC a raonáil más é an chaoi é go bhfuil iallach air RTC a chur faoi bhráid an Bhoird.
Alt 203(2)	Aighneacht údaráis phleanála ag iarraidh go ndaingneofaí ordú um limistéar taitneamhachta speisialta.

Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Is le hiarratais ar chomhthoilíú maidir le forbairt bheartaithe a aicmítear mar fhorbairt bonneagair straitéisigh a bhaineann an catagóir cásanna seo. Gheofar na forálacha agus na sainmhínithe a bhaineann leis an gcatagóir seo forbartha san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 (I.R. 27 de 2006) lena leasaítear Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus Achtanna eile. I gceist i gcásanna den chineál seo bíonn iarratais ar chomhthoilíú pleanála arna ndéanamh díreach chuig an Bord Pleanála agus iarratais ghaolmhara ar fháil éigeantach talún. Bíonn comhchomhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais i gceist i gcásanna áirithe. Rialaíonn forálacha reachtúla ar leith catagóirí difriúla d'fhorbairt bonneagair straitéisigh agus tagraítear dóibh sin thíos:

Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS) faoi Acht Pleanála agus Forbairt 2000 (arna leasú ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) Acht 2006.

Catagóir 1: An Seachtú Sceideal FBS

Alt 37A / 37E	Iarratas ar chead le haghaidh forbartha beartaithe a shonraítear sa Seachtú Sceideal a chinn an Bord a cháilíonn mar fhorbairt bonneagair straitéisigh faoi threoir na gcritéar atá leagtha amach in alt 37A. Déantar an t-iarratas seo go díreach chuig an mBord.
Alt 37B	Iarratas ar chomhchomhairliúcháin éigeantach réamhiarratais a thosú leis an mBord maidir le forbairt bheartaithe a thagann faoi réim an Seachtú Sceidil.
Alt 37D	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos maidir le forbairt bheartaithe a thagann faoi réim an Seachtú Sceidil agus a measadh a bheith ina bhonneagar straitéiseach.

Catagóir 1: An Seachtú Sceideal FBS

Alt 37G (10)	Tarchur chuig an mBord le haghaidh cinneadh mionsonraí a bhí le haontú idir forbróir agus an t-údarás pleanála faoi théarmaí coinníollach arna cheangal le deonú ceadaithe (faoi alt 37G) agus nár aontaíodh amhlaidh.
---------------------	--

Catagóir 2: Forbairtí áirithe Stáit a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta / measúnacht chúí

Alt 181A / 181B	Iarratas údaráis stáit ar fhormheas maidir le haicmí áirithe forbartha beartaithe a shainítear in airteagal 86 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 agus a n-éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta (m.sh. slándáil íogair agus forbairt bheartaithe eile dá sórt).
Alt 181C(1)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar chomhchomhairliúcháin éigeantach réamhiarratais a thosú leis an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 181A.
Alt 181C(3)(a)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar chinneadh ón mBord maidir le cibé an dóigh go mbeidh ag forbairt nó forbairt bheartaithe d'aicme atá leagtha amach in airteagal 86 éifeacht shuntasach ar an gcomhshaol agus go mbeidh gá le measúnacht tionchair timpeallachta nó gá le measúnacht chúí faoin Treoir um Ghnáthóga dá réir.
Alt 181C(3)(b)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) nó ar scóip ráitis tionchair Natura (NIS) a leagan síos i gcás forbartha beartaithe a mbaineann alt 181A léi.

Catagóir 2: Forbairtí áirithe Stáit a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta / measúnacht chuí

Alt 181B(2)	Deonú díolúine ón mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 181A ó riachtanas chun RTT nó NIS a réiteach.
Airteagal 123A	Iarratas chuig an mBord ar chinneadh cibé an dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht ag forbairt fo-thairseach Stáit atá beartaithe faoin alt 181 agus dá bhrí sin go mbeidh RTT agus iarratas le haghaidh ceadú ón mBord ag teastáil faoin alt 181A.
Airteagal 254	Iarratas ar chinneadh cibé an dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag forbairt Stáit ar shuíomh Eorpach atá beartaithe faoin alt 181 agus dá bhrí sin go mbeidh measúnacht agus iarratas le haghaidh ceadú ón mBord ag teastáil faoin alt 181A.

Catagóir 3: Forbairt Bonneagair Straitéisigh le haghaidh Tarchur

Leictreachais

Alt 182A	Iarratas ar fhormheas maidir le forbairt bheartaithe comhdhéanta de nó chun críocha tarchur leictreachais mar a shainítear i bhfo-alt (9) de alt 182A.
Alt 182B(2)	Deonú díolúine ag an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182A ó riachtanas chun RTT a réiteach.
Alt 182E(1)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh chun comhchomhairliucháin éigeantach réamhiarratais a thosú leis an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182A.
Alt 182E(3)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182A.

Catagóir 4: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Gáis

Alt 182C	Iarratas ar fhorhmeas maidir le forbairt bonneagair straitéisigh gáis bheartaithe mar a shainítear in alt 2(1) d'Acht Pleanála 2000 (mar a cuireadh isteach le halt 6 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.
Alt 182D(2)	Deonú díolúine ag an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182C ó riachtanas chun Ráiteas Tionchair Timpeallachta a réiteach.
Alt 182E(1)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh chun comhchomhairliucháin éigeantach réamhiarratais a thosú leis an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182C.
Alt 182E(3)	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann alt 182C.

Catagóir 5: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Údaráis Áitiúil faoi na hAchtanna Pleanála

Iarrtar ort aird a thabhairt nach bhfuil aon fhorálacha a éilíonn comhchomhairliucháin réamhiarratais i ndáil leis na hiarratais údaráis áitiúil seo.

Alt 175	Iarratas ar fhorhmeas le haghaidh forbartha bheartaithe údaráis áitiúil a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil lena mbaineann (seachas forbairtí bóthair).
Alt 175(8)	Deonú díolúine ag an mBord maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann Alt 175 ó riachtanas chun Ráiteas Tionchair Timpeallachta a réiteach.

Catagóir 5: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Údaráis Áitiúil faoi na hAchtanna Pleanála

Iarrtar ort aird a thabhairt nach bhfuil aon fhorálacha a éilíonn comhchomhairliúcháin réamhiarratais i ndáil leis na hiarratais údaráis áitiúil seo.

Airteagal 117 de na Rialacháin Pleanála 2001.	Iarratas iarrthóra ionchasaigh ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos i gcás forbairt bheartaithe agus a mbaineann alt 175 léi.
Airteagal 120(3) de na Rialacháin Pleanála 2001.	Iarratas chuig an mBord ar chinneadh cibé an dóigh go mbeidh ag forbairt fo-thairseach bheartaithe údaráis áitiúil éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht agus an éilíonn sé measúnacht tionchair timpeallachta dá réir.
Alt 226 – Forbairt Urthrá	Iarratas ar fhormheas le haghaidh forbartha bheartaithe údaráis áitiúil a bhfuil sé beartaithe a chur i gcrích go hiomlán nó go páirteach ar an urthrá agus a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta.
Alt 175(8)	Deonú díolúine ag an mBord maidir le forbairt bheartaithe ó riachtanas chun Ráiteas Tionchair Timpeallachta a réiteach maidir le forbairt bheartaithe lena mbaineann Alt 226.
Alt 226(6)	Tarchur ón údarás áitiúil nó ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, chuig an mBord ag éileamh go ndéanfaidh sé cinneadh cibé an dóigh go mbeidh ag forbairt bheartaithe fo-thairseach údaráis áitiúil a bhfuil sé beartaithe a chur i gcrích go hiomlán nó go páirteach ar an urthrá éifeacht shuntasach ar an timpeallacht agus an éilíonn sé measúnacht tionchair timpeallachta dá réir.

Forbairt ar Bhonneagar Straitéiseach faoi na hAchtanna Bóithre 1993 go 2015

Is le mórhograí bóthair de chuid údarás bóithre (lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta) lena n-áirítear mótarbhealaí agus forbairtí eile bóthair a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta a bhaineann sé seo de ghnáth.

Iarrtar ort a thabhairt ar aird nach bhfuil aon fhorálacha a éilíonn comhchomhairliucháin réamhiarratais maidir le hiarratais bóithre ach is féidir ceann a iarraidh má ta sé ag teastáil ag an údarás áitiúil seo.

Forbairt ar Bhonneagar Straitéiseach faoi na hAchtanna Bóithre 1993 go 2015

Alt 49	Iarratas ó húdarás bóithre ar scéim mótarbhealaigh, scéim limistéar seirbhíse, scéim busbhealaigh, scéim bóthair chosanta nó scéim bóthair chosanta ag leasú scéim bóthair chosanta formheasta.
Alt 51	Iarratas ó húdarás bóithre ar fhorbairt le haghaidh forbartha bóthair beartaithe.
Alt 50(1)(b)	Treoir ón mBord d'údarás bóithre ráiteas tionchair timpeallaithe a réiteach maidir le forbairt bóthair fo-thairseach bheartaithe i gcás ina measann an Bord gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasachta ag an bhforbairt ar an timpeallacht agus mar sin go bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta.
Alt 50(1)(c)	Tarchur ó húdarás bóithre chuig an mBord faoin tuairim de chuid údarás bhóthair gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht ag forbairt fo-thairseach bóthair bheartaithe. Ní mór don Bhord cinneadh a dhéanamh cibé an aontaíonn sé le tuairim an údarás bhóthair agus má aontaíonn tabharfaidh sé treoir faoi alt 50 1(b) don údarás bóthair chun RTT a réiteach.

Forbairt ar Bhonneagar Straitéiseach faoi na hAchtanna Bóithre 1993 go 2015

Alt 50(4)	Iarratas chuig an mBord ó húdarás bóithre ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos maidir le forbairt bhóthair bheartaithe.
Alt 51A	Iarratas ó húdarás bóithre nó ó Bonneagar Iompair Éireann ar chomhchomhairliúcháin réamhiarratais a thosú maidir le forbairt bóithre bheartaithe.

Feidhmeanna Gaolmhara an Bhoird faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004

Faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 tugadh isteach forálacha nua maidir le nósanna imeachta i gcás ina bhfaightear séadchomhartha náisiúnta le linn d'fhorbairt bóthair a bheith á cur i gcrích agus nár déileáladh leis an gcéanna san fhorpheas bunaidh / RTT don bhóthar. Baineann na luanna le hailt nua d'Acht na bliana 1930 arna gcur isteach ag an Acht 2004.

Feidhmeanna Gaolmhara an Bhoird faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004

Alt 14B(3)	Cinneadh ón mBord cibé an ionann athruithe ar fhorbairt bóthair formheasta is gá de dhroim treoracha ón Aire maidir le séadchomhartha náisiúnta agus athrú ábhartha ar fhorbairt bóthair formheasta.
Alt 14B(5)	Cinneadh ón mBord tar éis dó RTT a bhaineann le hathrú ar fhorbairt bóthair formheasta a fháil agus a bhreithniú, athrú a chinn an Bord atá ina athrú ábhartha ar an mbóthar formheasta agus ar dóigh go mbeidh éifeachtaí dochracha suntasacha aige ar an timpeallacht.

Forbairt Bonneagair Straitéisigh faoin Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001

Alt 37	Iarratas ar ordú iarnróid ón Údarás Náisiúnta Iompair, ó Bonneagar Iompair Éireann, ó CIÉ nó ó haon duine eile le toiliú an UNI.
Alt 47B	Iarratas iarratasóra ionchasaigh ar chomhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais a thosú maidir le hoibreacha iarnróid beartaithe a bheidh faoi réir iarratais ar ordú iarnróid.
Alt 39(3)	Iarratas ar scóip ráitis tionchair timpeallachta (RTT) a leagan síos maidir le hoibreacha iarnróid a bheidh mar ábhar le hiarratas ar ordú iarnróid.
Alt 43(6)	Aisghairm ordú iarnróid ag an mBord.

Athruithe ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh formheasta arna chur isteach ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.

Alt 146B	Foráil ghinearálta í seo is infheidhme maidir le forbairt bonneagair straitéisigh agus forálann d'iarratas chuig an mBord ó dhuine atá ag cur forbairt bonneagair straitéisigh i gcrích nó a bhfuil sé ar intinn aige / aici déanamh amhlaidh ar athrú a dhéanamh ar théarmaí forbartha a bhí formheasta cheana féin.
Alt 146C	Cinneadh ón mBord ar iarratas ar athrú faoi alt 146B mar ar threoraigh an Bord go réiteofaí RTT maidir leis an athrú beartaithe.
Alt 146D	Iarratas ar leasú / athrú maidir le hoibreacha iarnróid lena mbaineann ordú iarnróid.

Cásanna ag éirí as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010

Tugadh feidhmeanna agus freagrachtaí breise don Bhord Pleanála faoi fhorálacha éagsúla san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010. Leasaíodh cuid de na forálacha ábhartha san Acht dá éis leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (MTC agus Gnáthóga) 2011, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (MTC agus Gnáthóga) (Uimh. 2) agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Toiliú Ionadach) 2011, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga) 2015 (uimh. 1 & 2).

Le hAlt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 cuireadh isteach dhá pháirt bhreise san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) .i. Páirteanna XA agus XAB. Leathnaíodh feidhmeanna an Bhoird sa dá pháirt. Le hAlt 75 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2011 cuireadh isteach alt nua 261A san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Déileálann an t-alt seo le rialú cairéal agus gheofar ann feidhmeanna breise don Bhord Pleanála.

Déileálann Páirt XA (arna chur isteach le halt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010) le saincheist an toilithe ionadaigh. Díorthaíonn coincheap an toilithe ionadaigh ó chinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur in iúl nach féidir cead a dheonú chun forbairt a bhfuil tionchar ag Treoir an AE ar Mheasúnú um Thionchar ar an gComhshaol air ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Cásanna ag éirí as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010

Alt 177B	Is ceadmhach d'Údarás Pleanála duine a rinne forbairt a threorú chun iarratas a dhéanamh chuig Údarás Pleanála ar thoiliú ionadach in imthosca ina dtagann sé chun bheith ar an eolas mar gheall ar chinneadh cúirte ina gcuirtear i leataobh cead pleanála a bhí ann cheana i gcás ina bhfuil Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol bainteach leis, cinneadh mar gheall ar cibé an gá Measúnú ar an
-----------------	--

Cásanna ag éirí as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010

	Tionchar ar an gComhshaol nó éileamh ar Mheasúnú Cuí faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.
Alt 177C	Féadfaidh duine a bhfuil forbairt déanta aige nó aici nó úinéir nó áititheoir talún mar a rinneadh forbairt in aon chineál cáis dá dtagraítear san alt roimhe seo iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar chead chun iarratas a dhéanamh ar thoiliú ionadach i gcás inar dóigh leis an duine go bhféadfadh an cead a bheith lochtach nó inar gcuirfidh cúirt an cead ar leataobh ag cúirt.
Alt 177C	Féadfaidh duine a bhfuil forbairt déanta aige nó aici nó úinéir nó áititheoir talún mar a rinneadh forbairt in aon cheann de na cineálacha cásanna dá dtagraítear sa nóta ar alt 177B iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead chun iarratas a dhéanamh ar thoiliú ionadach i gcás inar dóigh leis an duine imthosca eisceachtúla a bheith ann a thabharfadh údar le hiarratas dá shórt.

Déantar iarratais ar thoiliú ionadach díreach chuig an mBord Pleanála faoi alt 177E den Acht.

Páirt XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a chuirtear isteach le halt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, déileálann sé le saincheist an mheasúnaithe chuí i gcás gur gá a leithéid faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. (Treoir 92/43/CEE An 21 Bealtaine, 1992 (arna leasú) ón gComhairle).

Ceanglaíonn Páirt XAB ar an mBord Pleanála scagadh a dhéanamh ar aon fhorbairt bheartaithe dá ndéantar iarratas chuig an mBord maidir leis nó is ábhar d'achomhairc chun a chinneadh an gá an measúnú cuí agus chun an measúnú a dhéanamh i gcás inar cuí.

Déantar iarratais ar thoiliú ionadach díreach chuig an mBord Pleanála faoi alt 177E den Acht.

Alt 177AE	Ní mór d'údaráis áitiúla iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála maidir le haon fhorbairt bheartaithe ina limistéar feidhme siúd, nó ar an urthrá, más gá measúnú cuí faoin Treoir maidir le Gnáthóga.
Alt 181A	I gcás leasuithe ar an alt ní mór d'údarás stáit iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt ar bith arna fhorordú faoi alt 181 i gcás inar gá measúnú cuí a dhéanamh. (Ní raibh feidhm ag an alt seo roimhe seo ach amháin i gcás inar ghá Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol).
Airteagal 250 - Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - arna leasú	Féadfaidh duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh cibé an éilíonn forbairt arna bheartú ag údarás áitiúil measúnú cuí a bheith déanta. I gcás ina gcinneann an Bord gur gá measúnú cuí a dhéanamh ní mór iarratas a dhéanamh chuig an mBord faoi alt 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú.

Gheofar in Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna chur isteach ag alt 75 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Leasú) rialuithe breise ar oibríochtaí cairéil. Sannadh feidhmeanna breise ar an mBord Pleanála faoin alt.

Fo-ailt 261A (3), (4), (5) & (6)

Duine ar a seirbheálann Údarás Pleanála fógraí nó duine a dtugtar cóipeanna d'fhógraí dá sórt dó nó di, faoi mar a éilítear faoin alt, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar athbhreithniú ar chinntí éagsúla de chuid údarás áitiúil maidir le stádas dlí cairéal maidir leis an Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol de chuid an AE agus Treoracha an AE maidir le Gnáthóga. Déantar iarratais ar **athbhreithniú** faoi fho-alt (6) agus leagtar amach san fho-alt sin sonraí na nithe a d'fhéadfaí a athbhreithniú agus an nós imeachta don athbhreithniú. (Dhéanfaí na fógraí i dtrácht a sheirbheáil ar úinéirí agus / nó oibreoirí na gcairéal agus cheanglóidís ar na húinéirí / ar oibreoirí na gcairéal iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar thoiliú ionadach nó chuirfeadh sé in iúl dóibh go raibh i gceist ag an údarás pleanála beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh lena gceanglófaí deireadh a chur le hoibriú an chairéil). I gcás ceangal a bheith curtha ar úinéirí nó ar oibreoirí aon chairéil iarratas a dhéanamh ar thoiliú ionadach ní mór an t-iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála faoi Pháirt XA agus alt 177E den Acht.

Rinneadh leasuithe sa bhreis ar na hAchtanna Pleanála, arna leasú, agus dá bhrí sin mar gheall ar fhorbairt cairéil tá na hiarratais seo a bhaineann leo agus atá leagtha amach thíos le fáil:-

Fo-alt 261A(20)	I gcás nárbh féidir iarratas ar thoilíú ionadach faoi fhorbairt cairéil a dhéanamh chuig an mBord Pleanála faoin bpróiseas i mbunalt 261 (arna chur isteach le Rialachán 8 an AE (MTT agus Gnáthóga) (Uimh. 2) Rialacháin 2015).
Alt 37L	Iarratas díreach chuig an mBord Pleanála le haghaidh forbairt cairéil a dhéanamh, forbairt ina mbeidh gá le hiarratas ar thoilíú ionadach a fháil de bharr stair cairéalachta an tsuímh arna chur isteach le Rialachán 4 an AE (MTT agus Gnáthóga) Rialacháin 2015.

Cásanna d'Fháil Éigeantach Talún (alt 214 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000)

Is é an Bord an t-údarás breithiúnachta maidir le fáil éigeantach talún ón uair a aistríodh feidhmeanna sa bhliain 2001 ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go dtí an Bord maidir le fáil éigeantach údaráis áitiúil faoi achtacháin éagsúla.

Leathnaíodh feidhmeanna an Bhoird maidir le fáil éigeantach ó shin agus áirítear orthu anois gach ceann de na cineálacha cásanna seo a leanas:

Cásanna d'Fháil Éigeantach Talún (alt 214 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000)	
Acht na d'Tithe 1966 Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (alt 76 agus an Triú Sceideal)	Iarratas arna dhéanamh ag údarás áitiúil chuig an mBord ar dheimhniú ordú ceannaigh éigeantaigh (féadfaidh údarás áitiúil an próiseas OCE (mar atá leagtha amach san Acht 1966) a ghníomhachtú chun aon cheann de na críocha faoina shainordú ar féidir leis cumhachtaí ceannaigh éigeantaigh a fheidhmiú lena n-aghaidh). Is é an OCE an nós imeachta is coitianta a úsáideann údaráis áitiúla chun ceannach éigeantach talún a údarú.
An tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990 (ailt 14, 15 agus 16)	Iarratas údaráis áitiúil chuig an mBord ar chomhthoilíú maidir le fáil éigeantach láithreáin thréigthe.
Acht Soláthairtí Uisce 1942 (ailt 8, 9 agus 10).	Iarratas údaráis sláintíochta chuig an mBord ar ordú sealadach chun togra a údarú chun soláthar uisce a thógáil ó fhoinse uisce.
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 (alt 8)	Iarratas údaráis sláintíochta chuig an mBord ar chomhthoilíú maidir le fáil éigeantach talún ar áit chontúirteach í anois nó ab í roimhe sin.

Cásanna d'Fháil Éigeantach Talún (alt 214 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000)

An tAcht um Shláinte Poiblí (Éire), 1878 (Alt 203)	Achainí údaráis sláintíochta chuig an mBord ar ordú sealadach chun fáil éigeantach talún a údarú.
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 Alt 73	Iarratas údaráis phleanála chuig an mBord ar chomhthoilíú maidir le struchtúr faoi chosaint a fháil go héigeantach.
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 Alt 83	Iarratas údaráis phleanála chuig an mBord ar chomhthoilíú maidir le struchtúr nó talamh eile laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta a fháil go héigeantach.
An tAcht Gáis 1976 Alt 32 (alt 215A den Acht um Pleanáil agus 2000 arna leasú)	Iarratas chuig an mBord ar ordú fála chun aon fháil éigeantach talún nó ceart thar talamh a údarú maidir le tógáil nó oibriú píblíne gháis ar forbairt bonneagair straitéisigh gáis í.
An tAcht Gáis 1976 Alt 31 (alt 215A den Acht um Pleanáil agus 2000 arna leasú)	Iarratas chuig an mBord ar chead píblíne gháis a thógáil, a chothabháil, a dheisiú nó a athchur ar forbairt bonneagair straitéisigh gáis é laistigh de theorainneacha formheasta diallais.
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú) 1998 Alt 17	Iarratas ag Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath chuig an mBord ar ordú fála chun críocha a bhaineann le forbairt de nó ag Aerfoirt Stáit (mar atá leagtha amach ag Alt18 d'Acht na bliana 1998).
An tAcht Cuanta 1996 Alt 16	Iarratas Chuideachta Cuain chuig an mBord ar ordú fála chun fáil éigeantach talún a údarú le haghaidh forbairt a bhaineann le cuan.

Cásanna d'fháil éigeantach talún faoi achtacháin éagsúla le haghaidh forbairtí a aicmítear mar fhorbairt bonneagair straitéisigh.

Aicmítear chomh maith mar fhorbairt bonneagair straitéisigh (féach na cásanna d'fháil éigeantach thíos) aon chásanna ar leithligh d'fháil éigeantach a ceapadh chun críche forbairt bheartaithe ar forbairt bonneagair straitéisigh í a éascú. Tabhair ar aird go gcorpraítear san iarratas aon tograí maidir le fáil éigeantach talún chun críocha scéim bóthair (mar a shainítear é in alt 47 den Acht Bóithre 1993) nó oibreacha iarnróid beartaithe atá mar ábhar le hordú iarnróid san iarratas ar fhorbairt do scéim bóthair lena mbaineann nó san iarratas ábhartha ar ordú iarnróid.

Achomhairc faoi Achtanna eile

Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015

Alt 9	Is féidir le húinéir tsuímh achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh údaráis phleanála an suíomh sin a chur ar chlár na láithreán tréigthe.
Alt 11	I gcás nuair a dhiúltaíonn údarás pleanála ainmniú tsuímh ar chlár na láithreán tréigthe a bhaint as an gclár agus tá sé beartaithe ag an údarás tobhach a ghearradh (tobhach láithreáin tréigthe) ar bhonn bliantúil ó bhliain 2018 amach, tar éis machnamh a dhéanamh ar aighneachtaí an úinéara faoin gceist maidir le hiontráil an tsuímh ar an gclár.
Alt 18	Achomharc nuair a dhéantar éileamh ar íocaíocht le húinéir an tsuímh maidir le tobhach láithreáin tréigthe.

Achtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007

Alt 7(1)(a)	Achomharc chuig an mBord arna dhéanamh ag iarrthóir atá míshásta le cinneadh údaráis rialaithe foirgníochta maidir le hiarratas ar dhispeansáid ó aon riachtanas de chuid na rialachán foirgníochta nó ar mhaolú orthu.
Alt 7(1)(b)	Achomharc chuig an mBord arna dhéanamh ag iarrthóir atá míshásta le cinneadh údaráis rialaithe foirgníochta maidir le hiarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán nó ar dheimhniú sábháilteachta leasaithe ó dhóiteáin.
Alt 7(1)(d)	Achomharc chuig an mBord arna dhéanamh ag iarrthóir atá míshásta le cinneadh údaráis rialaithe foirgníochta maidir le hiarratas ar dheimhniú tabhairt chun rialtachta.
Alt 7(1)(e)	Achomharc chuig an mBord arna dhéanamh ag iarrthóir atá míshásta le cinneadh údaráis rialaithe foirgníochta maidir le hiarratas ar dheimhniú rochtana nó maidir le hiarratas ar dheimhniú rochtana leasaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Na hAchtanna um Thruailliú Uisce, 1977 agus 1990

Alt 8	Achomharc duine maidir le deonú, diúltú, athrú nó cúlghairm ceadúnais doirte eisiltigh go huiscí.
Alt 20	Achomharc maidir le ceadúnas eisilteach trádála a dhoirteadh go séarach arna dhéanamh ag: <ul style="list-style-type: none">• áititheoir an áitribh i gcás cúlghairm an cheadúnais nó athrú a bheith á chur air nó coinníollacha á gcur leis, nó• duine ar diúltaíodh dá iarratas ar an gceadúnas.

An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987

Alt 34	<p>Bhí feidhmeanna ag an mBord Pleanála maidir le hachomhairc a chinneadh i dtaca le deonú nó diúltú ceadúnais faoi alt 32 nó ceadúnas athcheartaithe faoi alt 33 den Acht chun astaíochtaí a scaoileadh isteach san atmaisféar. Aistríodh na feidhmeanna sin, áfach, ón mBord Pleanála chuig an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil faoin Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 le héifeacht ón 31 Lúnasa, 2015.</p> <p>Dá bhrí sin níl baint ag an mBord Pleanála a thuilleadh le hachomhairc faoi Thruailliú Aeir.</p> <p>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón suíomh idirlín ag www.epa.ie/licensing/air/actappeals/ nó trí ghlaao gutháin a chur orthu ag 1890 33 55 99 nó ag 053 916 0600.</p>
---------------	---

Nóta:

Ní haon léirmhíniú dlíthiúil an cháipéis seo ar na forálacha reachtúla a bhaineann le hábhar. Féadfar sonraí nó eolas maidir le feidhmeanna an Bhoird a lorg trí ghlaó a chur ar oifigí an Bhoird le linn uaireanta oifige.

Dáta an Leasaithe Deireanaigh: Márta 2017